# Glaoch Abhaile

Mothúcháin/Teicnící Fileata/Carachtracht



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Carachtair

## Páidín

Is carachtar an-spéisiúil é Páidín agus is é príomhcharachtar an dáin seo é. Mar a deir Áine Ní Ghlinn san fhíseán, is dán reacaireachta é an dán seo a insíonn scéal. Is scéal Pháidín atá á insint sa dán seo, ach is scéal uilíoch an inimircigh óig é freisin agus d'fhéadfaí a rá go seasann Páidín don ghlúin sin de dhaoine óga a chuaigh ar imirce ó Éirinn.



D'éirigh go maith le cuid de na daoine sin, ach bhí roinnt mhaith ann freisin nár éirigh go maith leo agus a bhí ar an ngannchuid. Mar a luann Ní Ghlinn, bhí náire ar na daoine sin nár éirigh chomh maith sin leo. Tá séríshoiléir sa dán seo go bhfuil náire ar Pháidín an fhírinne a insint dá mháthair. Ní theastaíonn uaidh a rá léi go bhfuil sé beo bocht agus ag siúl timpeall gan dídean. B'fhearr leis ligean air go bhfuil gach rud i gceart seachas díoma a chur uirthi, rud a léiríonn gur duine cineálta é agus go bhfuil an-ghrá aige dá mháthair. Níor mhaith leis í a ghortú. Leanann sé air ag fulaingt go ciúin.


# Carachtair

## An Mháthair



Cé gur carachtar an-tábhachtach sa dán í ‘Mam’, ní labhraíonn sí ar chor ar bith. Tá sin spéisiúil ann féin agus cuireann sin go mór le brí an dáin. Tá an mháthair ag maireachtáil sa tost. Tuigimid ó fhreagraí Pháidín céard iad na ceisteanna a chuireann sí ar a mac, áfach. Cuireann sí ceist air cén chaoi a bhfuil sé agus fiosraíonn sí an bhfuil lóistín faighte aige go fóill. Teastaíonn uaithi teagmháil níos rialta a dhéanamh le Páidín ós rud é go gcuireann sí ceist air an bhfuil fón aige ina árasán nua.

Seans go bhfuil rian den bhuairt anseo agus í ag iarraidh go labhróidh sé léi níos minice agus ar bhealach níos macánta. Is léir go dtaistíonn uaithi go bhfillfidh Páidín abhaile don Nollaig agus tá uaigneas le sonrú san achainí seo agus í fágtha sa bhaile ag a mac. Tá sé an-soiléir ón dán seo go bhfuil caidreamh an-ghrámhar eatarthu ach níl siad macánta ná ionraic lena chéile.



# Na Mothúcháin

**Is iomaí mothúchán atá le sonrú sa dán seo ina measc:**

| | |
|---|---|
| **Brón** | **Uaigneas** |
| **Briseadh Croí** | **Díomá** |
| **Náire** | **Grá** |




**Brón**

Is dán thar a bheith brónach é an dán seo. Is fear óg é Páidín atá gan dídean i Londain. Is léir nach bhfuil an saol ag dul go maith dó agus nach bhfuil ag éirí leis teacht ar a chló féin sa chathair mhór. Feictear é lena 'mhála dufail/ar a ghualainn/a mhála codlata/faoina ascaill' agus é ina aonar gan aon chomhluadar. Tá sé an-bhrónach nach féidir leis a bheith macánta agus oscailte lena mháthair ar an bhfón agus a rá léi go bhfuil sé ar an ngannchuid.

**Briseadh Croí**

Bhrisfeadh an dán seo croí duine ar bith. Is scéal tragóideach é scéal Pháidín agus tá briseadh croí le sonrú sa chomhrá a bhíonn aige lena mháthair ar an bhfón. Teastaíonn uaithi cumarsáid a dhéanamh leis agus labhairt i gceart leis ach insíonn sé bréaga di agus éalaíonn sé ón bhfírinne.




**Náire**

Tá sé fíorshoiléir go deo go bhfuil náire an domhain ar Pháidín. Ní theastaíonn uaidh go dtuigfidh a mháthair a chruachás agus ní theastaíonn uaidh imní a chur uirthi. Tá náire air go bhfuil sé ag fanacht i '[m]bosca/taobh thiar de/Stáisiún Waterloo' seachas san árasán a shamhlaíonn sé sa chéad véarsa.

**Uaigneas**

Tá saol uaigneach go maith ag Páidín i Londain agus is léir go bhfuil uaigneas ar a mháthair agus í fágtha sa bhaile aige. Cuireann an íomhá de Pháidín ag siúl ar ais 'chuig a bhosca/taobh thiar de/Stáisiún Waterloo' leis an uaigneas sa dán. Is aonarán é agus é ar imeall na sochaí gan chomhluadar.






**Díoma**

Tá rian den díomá le feiceáil sa dán seo freisin. Is léir go bhfuil díomá ar Pháidín gur ag fanacht taobh thiar de stáisiún traenach atá sé seachas san árasán ‘dhá sheomra’. Seasann an bosca don díomá agus don teip, níl ag éirí go maith leis. Níl sé ag iarraidh díomá a chur ar a mháthair ach an oiread, sin an fáth nach n-insíonn sé an fhírinne di.


**Grá**

Cé gur dán an-bhrónach é an dán seo, is dán lán le grá é freisin. Tá an-ghrá ag Páidín dá mháthair agus tá an-ghrá aici dó freisin. Tá siad ag iarraidh a chéile a chosaint. Eascraíonn míthuiscint, droch-chumarsáid agus fadhbanna as sin, áfach. Ní féidir leo a bheith macánta lena chéile toisc go bhfuil siad buartha a chéile a ghortú.



# Dán Fáthchiallach

**Is dán fáthchiallach é an dán seo.**




Is éard atá i gceist le dán fáthchiallach ná dán simplí ach a bhfuil siomblachas ann le brí níos doimhne agus níos saibhre. De ghnáth bíonn ráiteas móráltachta nó sóisialta le sonrú i ndán fáthchiallach.

·Ar an gcéad léamh is dán é seo faoi fhear óg amháin, Páidín, agus é gan dídean i bhfad ó bhaile. Ar leibhéal eile, áfach, is dán uilíoch é seo faoi ghlúin d'Éireannaigh a d'imigh ar imirce go Sasana. Cuireadh chun siúil iad agus níor tháinig cuid acu abhaile go deo.

·Seasann Páidín don duine óg a chuaigh go Sasana lán le haislingí faoi 'árasán.../[d]há sheomra' ach a chríochnaigh ar an ngannchuid gan dídean ná foscadh. Níor éirigh go maith i gcónaí leo siúd a chuaigh ar imirce, bhí sé deacair go leor ar na hÉireannaigh sna caogaidí agus sna seascaidí airgead a thuilleamh agus a mbealach a dhéanamh.

·Sa dán seo, iarrann Ní Ghlinn orainn aghaidh a thabhairt ar Pháidín agus éisteacht leis. Teachtaireacht í seo atá chomh tráthúil anois agus a bhí fiú 30 bliain ó shin.






# ‘B’uaigní mé, ar bhealach, i láthair an tslua mhóir ná i mo sheoimrín féin sa tseanáit.’

**Deoraíocht le Pádraic Ó Conaire**

Tá scéal an inimircigh óig inste go minic i litríocht na Gaeilge le os cionn céad bliain anuas. Is é Deoraíocht le Pádraic Ó Conaire an t-úrscéal Gaeilge is cáiliúla faoi shaol dian an inimircigh óig.

San úrscéal sin, feictear Éireannach mar aon le Páidín uaigneach i Londain. Tar éis timpiste uafásach tosaíonn sé ag ól go trom. Bíonn droch-chríoch aige thall, mar atá i ndán do Pháidín.



# Idir na Línte

Foghlaim TG4